

Déantar cur síos thíos ar conas a oibríonn scrúduithe TEG ar líne.

Scrúduithe cainte TEG ar líne

- Is ar Zoom a bhíonn scrúduithe cainte TEG ar líne ar siúl.
- Gheobhaidh iarrthóirí nasc Zoom an lá roimh an scrúdú agus caithfidh siad a bheith ar líne 10 nóiméad roimh an am atá sceidealaithe dóibh.
- Caithfidh iarrthóirí ceamara atá ag obair i gceart a bheith socraithe ar pé gléas a bheidh á úsáid acu. Is gá go mbeidh iarrthóirí le feiceáil i rith an scrúdaithe agus ní ligfear dóibh an scrúdú a dhéanamh mura bhfuil siad le feiceáil.
- Ní mór an scrúdú cainte a dhéanamh ar ríomhaire deisce, ar ríomhaire glúine nó ar tháibléad; níl sé inmholta an scrúdú a dhéanamh ar ghuthán póca mar go mbeidh sé deacair na híomhánna sna pictiúir sa chuid sin den scrúdú cainte a fheiceáil.
- Tá na nithe seo a leanas riachtanach agus ba cheart iad a thástáil go críochnúil roimh an scrúdú: ceamara, micreafón agus caighdeán maith fuaime.
- Faoin iarrthóir atá sé a chinntiú go bhfuil an scrúdú á dhéanamh in áit oiriúnach atá ciúin agus a bhfuil ceangal maith idirlín ann.
- Caithfidh iarrthóirí an scrúdú seo a dhéanamh ina n-aonar agus níl cead nótaí ná aon ábhar tagartha eile a úsáid le linn an scrúdaithe.
- Beidh beirt scrúdaitheoirí ó Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad i mbun gach scrúdú cainte. Beidh duine acu ag cur na gceisteanna agus an duine eile ag tógáil nótaí.
- Déanfaidh Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad na scrúduithe a thaifeadh. Ní ceadmhach d'iarrthóirí aon chuid den scrúdú nó d'ábhair na scrúduithe a chóipeáil nó a thaifeadh.
- Tá cur síos ar struchtúr an scrúdaithe, chomh maith le scrúduithe samplacha ag gach leibhéal ar fáil [ag an nasc seo](#). Roinnfidh an scrúdaitheoir an cárta leis an eolas don rólghníomhaíocht agus /nó an pictiúr ar an scáileán leis an iarrthóir.
- Maireann an scrúdú cainte 10-15 nóiméad, ag brath ar an leibhéal.

Scrúdú cluastuisceana, léamhthuisceana agus scríbhneoireachta

Beidh na scrúduithe seo ar siúl ar Zoom agus cuirfear gach iarrthóir i ngrúpa le feitheoir ó fhoireann TEG. Iarrtar ar iarrthóirí a bheith i láthair ar Zoom 15 nóiméad roimh thús an scrúdaithe. Tá scrúduithe samplacha ar fáil [ag an nasc seo](#) agus moltar d'iarrthóirí iad a léamh go mion. Tá struchtúr na scrúduithe ar líne ar aon dul le struchtúr na scrúduithe samplacha ar shuíomh TEG mura sonraítear a mhalairt. Sa scrúdú ar líne, clóscríobhann iarrthóirí na freagraí isteach i mboscaí téacs nó cuireann siad *tic* leis an mbosca cuí ag léiriú an bhfuil ráitis Fíor nó Bréagach agus mar sin de. Sábhálann an córas obair an iarrthóra go huathoibríoch gach nóiméad nó mar sin. Is é an difear is mó idir na scrúduithe ar líne agus na scrúduithe in ionad scrúdaithe ná go gcuirtear na páipéir scrúdaithe chuig an iarrthóir ag amanna réamhshocraithe faoi leith agus go mbíonn briseadh beag idir gach cuid den scrúdú. Ag tús gach scrúdaithe ar Zoom, tabharfaidh an feitheoir pasfhocal a ligfidh don iarrthóir an nasc don scrúdú a oscailt. Déantar monatóireacht ar na hiarrthóirí le linn an scrúdaithe ar an bhfíseán agus trí chlár a dhéanann monatóireacht ar ghníomhaíocht an bhrabhsálaí.

1. An scrúdú cluastuisceana (30-45 nóiméad, ag brath ar an leibhéal)

Cúpla nóiméad sula dtosóidh an scrúdú, gheobhaidh iarrthóirí nasc idirlín ón bhfeitheoir. Rachaidh iarrthóirí go dtí an nasc sin agus líonfaidh siad isteach na sonraí cuí. Tabharfaidh sé seo iarrthóirí go dtí an scrúdú cluastuisceana ar líne. Beidh an cur chuige seo i gceist le gach cuid den scrúdú.

- Tar éis tástáil fuaime, cuirfear tús leis an scrúdú cluastuisceana. Caithfidh iarrthóirí a gcuibhíocht freagraí a líonadh sna boscaí cuí.
- Nuair a bheidh an t-am istigh, stopfar an taifeadh agus iarrfar ar iarrthóirí an scrúdú cluastuisceana a chríochnú. Brúigh an cnaipe **Seol an scrúdú** ag deireadh an scrúdaithe.

- Beidh ar gach iarrthóir fanacht ar líne go dtí go mbeidh an feitheoir cinnte go bhfuil an scrúdú faighte ag Oifig TEG.
2. **Léamhthuiscint (40-90 nóiméad, ag brath ar an leibhéal)**
- Cosúil leis an scrúdú cluastuisceana, cúpla nóiméad sula dtosóidh an scrúdú, gheobhaidh iarrthóirí nasc idirlín ón bhfeitheoir. Rachaidh iarrthóirí go dtí an nasc sin agus líonfaidh siad isteach na sonraí cuí. Tabharfaidh sé seo go dtí an scrúdú léamhthuisciana iad.
 - Léifidh iarrthóirí na téacsanna léamhthuisciana agus clóscríobhfaidh siad a gcuid freagraí sna boscaí téacs cuí nó cuirfidh siad *tic* leis an mbosca cuí ag léiriú an bhfuil ráitis Fíor nó Bréagach agus mar sin de.
 - Nuair a bheidh an t-am istigh, iarrfar ar iarrthóirí an scrúdú léamhthuisciana a chríochnú. Brúigh an cnaipe **Seol an scrúdú** ag deireadh an scrúdaithe.
 - Beidh ar gach iarrthóir fanacht ar líne go dtí go mbeidh an feitheoir cinnte go bhfuil an scrúdú faighte ag Oifig TEG.
3. **Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge (45-60 nóiméad, ag brath ar an leibhéal)**
- Cosúil leis na scrúduithe eile, cúpla nóiméad sula dtosóidh an scrúdú, gheobhaidh iarrthóirí nasc idirlín ón bhfeitheoir. Rachaidh iarrthóirí go dtí an nasc sin agus líonfaidh siad isteach na sonraí cuí. Tabharfaidh sé seo go dtí an scrúdú scríofa iad.
 - Cuirfidh iarrthóirí a gcuid freagraí isteach sna réimsí cuí ar an bpáipéar, faoi mar a threoraítear.
 - Nuair a bheidh an t-am istigh, iarrfar ar iarrthóirí an scrúdú scríofa a chríochnú. Brúigh an cnaipe **Seol an scrúdú** ag deireadh an scrúdaithe.
 - Beidh ar gach iarrthóir fanacht ar líne go dtí go mbeidh an feitheoir cinnte go bhfuil an scrúdú faighte ag Oifig TEG.

Eolas ginearálta

- Beidh feitheoirí ó TEG ar líne an t-am ar fad chun ceisteanna a fhreagairt agus le cabhrú le hiarrthóirí le ceisteanna teicniúla, nuair is féidir.
- De ghnáth, bíonn scrúduithe cainte ar siúl idir 9am agus 1pm agus maireann siad 10-15 nóiméad ag brath ar an leibhéal.
- Cuirtear tús le scrúduithe scríofa thart ar a 2pm. Braitheann faid an scrúdaithe ar an leibhéal (A1 & A2: c. 2.5 uair; B1: 2.5-3 uair; B2: 3.5-4 uair). Gheobhaidh iarrthóirí mionsonraí an scrúdaithe dhá sheachtain roimh ré.
- Beidh briseadh beag idir gach cuid den scrúdú.
- Is é freagracht an iarrthóra a chinntiú:
 - Go mbíonn siad logáilte isteach ar Zoom 10-15 nóiméad sula gcuirtear tús leis an scrúdú cainte agus an scrúdú scríofa.
 - Go bhfuil siad ag obair i spás ciúin oiriúnach don scrúdú ar fad.
 - Go bhfuil ríomhaire deisce nó glúine atá ag obair i gceart acu leis an scrúdú a dhéanamh. Níl táibléid ná fóin phóca oiriúnach don scrúdú scríofa.
 - Go bhfuil ceamara, micreafón agus callairí atá ag obair i gceart ar an ríomhaire. Is gá go mbeidh iarrthóirí le feiceáil i rith gach cuid den scrúdú.